
# Acmhainní leictreonacha don Ghaeilge


á bhforbairt ag Fiontar,
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath












## An bhfuil eolas agat ar na bunachair acmhainní leictreonacha atá forbartha ag Fiontar, DCU?

Ar **logainm.ie**, is féidir leat liosta logainmneacha a aistriú, nó fáil amach faoi stair logainm faoi leith. Is féidir leat brabhsáil trí struchtúr riaracháin na tíre, nó na sonraí uile a íoslódáil. Is féidir leat éisteacht leis na logainmneacha, i mBéarla agus i nGaeilge.




**Spéis agat sa logainmníocht?**
Tá acmhainní oideachais (agus cluichí!) ar fáil don bhunscoil, don iarbhunscoil agus don tríú leibhéal. Tá foilseacháin, cartlann fuaime, bunachar foinsí agus léarscáileanna dáileacháin ar an suíomh. Agus tá gluais agus léarscáileanna de na focail choitianta sna logainmneacha ar fáil chomh maith.





**logainm.ie**
Bunachar Logainmneacha na hÉireann

facebook.com/logainm.ie
@logainm_ie




Is féidir leat bunachar **téarma.ie** a bheith agat go móibíleach, le híoslódáil, mar phóstaer ar do bhalla, nó ar do shuíomh. Is féidir leat téarmaí a chuardach i gcorpas teanga, nó cuardach i gcorpas comhthreomhar de théacsanna reachtúla ar **gaois.ie**.

**Spéis agat sa téarmeolaíocht?**

Tá cúrsa scileanna téarmeolaíochta ar fáil, agus is féidir foilseacháin faoin ábhar a cheadú chomh maith. Iarr téarma nua. Nó seans go bhfuil tú ag iarraidh breathnú ar ár gcomhéadan bainistithe téarmaíochta, Léacslann.

téarma.ie

@tearma_ie

gaois.ie

@gaois_ie





Ar **ainm.ie**, táthar ag cur leis an 1,700+ beatha go seasta, agus is féidir iad a chuardach ar **amlíne**, **de réir téama** nó **trí chuardach téacs**. Tá **agallaimh** agus **foilseacháin** ar fáil, agus naisc le **logainm.ie**.


ainm.ie

facebook.com/beathaisneis.ainm.ie

@ainm_ie









Ar **dúchas.ie**, is féidir Bailiúchán na Scol (Cnuasach Bhéaloideas Éireann) a chuardach de réir áite (do scoil áitiúil, mar shampla) agus de réir daoine (duine gaolta leat, mar shampla). Tá innéacs de shloinnte Éireannacha ar fáil agus is féidir leat páirt a ghlacadh san obair, fiú!

dúchas.ie

facebook.com/duchas.ie
@duchas_ie

I gcomhar lenár bpáirtnéirí éagsúla, tá Fiontar ag forbairt acmhainní teanga, téarmeolaíochta agus logainmníochta sna daonnachtaí digiteacha le deich mbliana anuas, gan trácht ar **na céimeanna** atá á dtairiscint againn. Níl aon deireadh leis an obair: as seo go ceann cúpla bliain, bí ag faire amach d'fhorbairtí nua, ina measc bealaí inar féidir leis an bpobal cur le stór **logainm.ie**; téarmaí nua ríomhaireachta; go leor ábhair sa bhreis ar **dúchas.ie**, agus go háirithe cuireadh ag an bpobal bheith páirteach i dtras-scríobh ábhair i nGaeilge; beathaí nua ar **ainm.ie**; agus torthaí taighde nach iad ar **gaois.ie**. Ba bhreá linn **cloisteáil uait** agus **tú a choinneáil ar an eolas** faoina bhfuil ar bun againn.




DCU

*An Roinn*
*Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta*
*Department of*
*Arts, Heritage and the Gaeltacht*

Supported by National Lottery

Cnuasach Bhéaloideas Éireann
National Folklore Collection

*Urraithe ag*
Foras na Gaeilge